2024/2650

14.10.2024

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/2650 ÓN gCOIMISIÚN

an 10 Deireadh Fómhair 2024

lena laghdaítear ón maoiniú ón Aontas caiteachas áirithe a thabhaigh Ballstáit áirithe faoin gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) agus faoin gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT)

(tugadh fógra faoi leis an doiciméad C(2024) 6993)

(Is iad na téacsanna Bulgáirise, Danmhairgise, Gearmáinise, Rómáinise agus Slóvaicise amháin atá barántúil)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/2116 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Nollaig 2021 maidir leis an gcomhbheartas talmhaíochta a mhaoiniú, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh air agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 ([1]), agus go háirithe Airteagal 54(1) de,

Tar éis dó dul i gcomhairle leis an gCoiste um na Cistí Talmhaíochta,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le hAirteagal 54 de Rialachán (AE) 2021/2116 agus Airteagal 36 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/128 ón gCoimisiún ([2]), déanfaidh an Coimisiún na measúnuithe is gá, cuirfidh sé torthaí na measúnuithe sin in iúl do na Ballstáit agus na réasúnuithe a sholáthair an Ballstát sna tuarascálacha feidhmíochta bliantúla i gcomhréir le hAirteagal 134(8) de Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]) á gcur san áireamh aige, agus cuirfidh sé a chonclúidí in iúl dóibh.

(2) An caiteachas a thagann faoi raon feidhme Airteagal 5(2) agus Airteagal 6 de Rialachán (AE) 2021/2116, a chomhfhreagraíonn do na hidirghabhálacha dá dtagraítear i dTeideal III de Rialachán (AE) 2021/2115, agus ag a bhfuil aschur comhfhreagrach mar a thuairiscítear sa tuarascáil feidhmíochta bhliantúil dá dtagraítear in Airteagal 9(3) agus Airteagal 10 de Rialachán (AE) 2021/2116, agus in Airteagal 134 de Rialachán (AE) 2021/2115, ní féidir ach an caiteachas sin a mhaoiniú le buiséad an Aontais.

(3) I bhfianaise an mheasúnaithe a rinneadh, agus réasúnuithe na mBallstát á gcur san áireamh, maidir leis an gcuid den chaiteachas dá dtagraítear in Airteagal 5(2) agus Airteagal 6 de Rialachán (AE) 2021/2116 agus a chomhfhreagraíonn do na hidirghabhálacha dá dtagraítear i dTeideal III de Rialachán (AE) 2021/2115, nach bhfuil aschur comhfhreagrach aici mar a thuairiscítear sa tuarascáil feidhmíochta bhliantúil dá dtagraítear in Airteagal 9(3) agus Airteagal 10 de Rialachán (AE) 2021/2116 agus in Airteagal 134 de Rialachán (AE) 2021/2115], ba cheart í a laghdú ón maoiniú ón Aontas i gcomhréir le hAirteagal 36(4) agus (5) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/128.

(4) A mhéid a bhaineann leis na hidirghabhálacha a chumhdaítear leis an gCinneadh seo, tugann an Coimisiún fógra do na Ballstáit, sa tuarascáil achomair ar an ábhar ([4]), faoin measúnú ar na méideanna atá le laghdú toisc nár comhlíonadh dlí an Aontais,

([1]) IO L 435, 6.12.2021, lch. 187, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/2116/oj.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/128 ón gCoimisiún an 21 Nollaig 2021 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2021/2116 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le gníomhaireachtaí íocaíochta agus comhlachtaí eile, bainistíocht airgeadais, imréiteach cuntas, seiceálacha, urrúis agus trédhearcacht (IO L 20, 31.1.2022, lch. 131, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2022/128/oj).

([3]) Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Nollaig 2021 lena mbunaítear rialacha maidir le tacaíocht do phleananna straitéiseacha atá le tarraingt suas ag na Ballstáit faoin gcomhbheartas talmhaíochta (Pleananna Straitéiseacha CBT) agus le maoiniú ag an gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) agus ag an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1305/2013 agus (AE) Uimh. 1307/2013 (IO L 435, 6.12.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/2115/oj).

([4]) Ares(2024)6296982.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Na méideanna a leagtar amach san Iarscríbhinn agus a bhaineann le caiteachas a dhearbhaigh gníomhaireachtaí íocaíochta creidiúnaithe na mBallstát faoi CERT nó CETFT, a chomhfhreagraíonn do na hidirghabhálacha dá dtagraítear i dTeideal III de Rialachán (AE) 2021/2115 agus nach bhfuil aschur comhfhreagrach acu mar a thuairiscítear sa tuarascáil feidhmíochta bhliantúil dá dtagraítear in Airteagal 9(3) agus Airteagal 10 de Rialachán (AE) 2021/2116 agus in Airteagal 134 de Rialachán (AE) 2021/2115, déanfar na méideanna sin a laghdú ón maoiniú ón Aontas.

Airteagal 2

Dírítear an Cinneadh seo chuig Poblacht na Bulgáire, Ríocht na Danmhairge, Poblacht Chónaidhme na Gearmáine, an Rómáin agus Poblacht na Slóvaice.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 10 Deireadh Fómhair 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
Janusz WOJCIECHOWSKI
Comhalta den Choimisiún

IARSCRÍBHINN

Cinntí maidir le laghduithe airgeadais

CERT

Mír Bhuiséid: 6200

Ballstát	Idirghabháil (Ainm an aonadmhéid atá beartaithe)	Bliain airgeadais	Cúis	Airgeadra	Ollmhéid (Sárú nó farasbarr)	Imréitithe / glactha go páirteach	An glansárú a cinneadh	Ráta cómhaoinithe	Cuid AE
BG	I.E.7 - Действия за запазване или увеличаване на наличния брой пчелни кошери в Съюза, включително развъждане на пчели - I.E.7 - Средна единична сума за подпомагане за рояк (отводка)	2023	Caiteachas nach bhfuil aschur comhfhreagrach aige (cf. Airteagal 54 de Rialachán (AE) 2021/2116)	EUR	396,00	0,00	396,00	100,00%	396,00
			Iomlán BG:	**EUR**	**396,00**	**0,00**	**396,00**		**396,00**

Ballstát	Idirghabháil (Ainm an aonadmhéid atá beartaithe)	Bliain airgeadais	Cúis	Airgeadra	Ollmhéid (Sárú nó farasbarr)	Imréitithe / glactha go páirteach	An glansárú a cinneadh	Ráta cómhaoinithe	Cuid AE
DE	SP-0202 - Aufbau, Verbesserung und Verbreitung imkerlichen Wissens - DE9-SP-0202-00-0-01 - Bienen-Schulungen	2023	Caiteachas nach bhfuil aschur comhfhreagrach aige (cf. Airteagal 54 de Rialachán (AE) 2021/2116)	EUR	11 767,00	0,00	11 767,00	100,00%	11 767,00
DE	SP-0202 - Aufbau, Verbesserung und Verbreitung imkerlichen Wissens - DEG-SP-0202-00-0-01 - Imkereiprogramm-Schulung	2023	Caiteachas nach bhfuil aschur comhfhreagrach aige (cf. Airteagal 54 de Rialachán (AE) 2021/2116)	EUR	1 649,42	0,00	1 649,42	100,00%	1 649,42
DE	SP-0203 - Investitionen zur Verbesserung der Erzeugung und Vermarktung, des Arbeits- und Gesundheitsschutzes, Anwendung von Bekämpfungsmaßnahmen - DEF-SP-0203-00-0-01 - Anschaffung von Maschinen und Geräten zum Wissenstransfer	2023	Caiteachas nach bhfuil aschur comhfhreagrach aige (cf. Airteagal 54 de Rialachán (AE) 2021/2116)	EUR	500,00	0,00	500,00	100,00%	500,00
			Iomlán DE:	**EUR**	**13 916,42**	**0,00**	**13 916,42**		**13 916,42**

Ballstát	Idirghabháil (Ainm an aonadmhéid atá beartaithe)	Bliain airgeadais	Cúis	Airgeadra	Ollmhéid (Sárú nó farasbarr)	Imréitithe / glactha go páirteach	An glansárú a cinneadh	Ráta cómhaoinithe	Cuid AE
RO	IS-A-01 - Servicii de consiliere, asistență tehnică, formare, informare și schimb de bune practici, inclusiv prin colaborarea în rețea, pentru apicultori și pentru organizațiile de apicultori - IS-A 01-01 - Consultanță în apicultură	2023	Caiteachas nach bhfuil aschur comhfhreagrach aige (cf. Airteagal 54 de Rialachán (AE) 2021/2116)	EUR	20 100,72	0,00	20 100,72	100,00%	20 100,72
RO	IS-A-02 - Promovare, comunicare și marketing, inclusiv acțiuni de monitorizare a pieței și activități care vizează în special sensibilizarea consumatorilor în privința calității produselor apicole - IS-A 02-01 - Cheltuială per acțiune de promovare	2023	Caiteachas nach bhfuil aschur comhfhreagrach aige (cf. Airteagal 54 de Rialachán (AE) 2021/2116)	EUR	1 126,52	0,00	1 126,52	100,00%	1 126,52
RO	IS-A-05 - Investiții în active corporale și necorporale, precum și alte acțiuni, inclusiv pentru raționalizarea transhumanței - IS-A 05-02 - Achiziționarea de accesorii apicole	2023	Caiteachas nach bhfuil aschur comhfhreagrach aige (cf. Airteagal 54 de Rialachán (AE) 2021/2116)	EUR	117 911,34	0,00	117 911,34	100,00%	117 911,34
			Iomlán RO:	**EUR**	**139 138,58**	**0,00**	**139 138,58**		**139 138,58**

ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2024/2650/oj

Ballstát	Idirghabháil (Ainm an aonadmhéid atá beartaithe)	Bliain airgead-ais	Cúis	Airg-eadra	Ollmhéid (Sárú nó farasbarr)	Imréitithe / glactha go páirteach	An glansárú a cinneadh	Ráta cómhaoi-nithe	Cuid AE
SK	55.1.3 - Podpora laboratórií - 55.1.3.1 - Priemerná čiastka podpory na jednu vzorku	2023	Caiteachas nach bhfuil aschur comhfhreagrach aige (cf. Airteagal 54 de Rialachán (AE) 2021/2116)	EUR	535,57	0,00	535,57	100,00%	535,57
			Iomlán SK:	**EUR**	**535,57**	**0,00**	**535,57**		**535,57**

Airg-eadra	Ollmhéid (Sárú nó farasbarr)	Imréitithe / glactha go páirteach	An glansárú a cinneadh	Cuid AE
EUR	**153 986,57**	**0,00**	**153 986,57**	**153 986,57**

Mír Bhuiséid: 6201

Ballstát	Idirghabháil (Ainm an aonadmhéid atá beartaithe)	Bliain airgeadais	Cúis	Airgeadra	Ollmhéid (Sárú nó farasbarr)	Imréitithe / glactha go páirteach	An glansárú a cinneadh	Ráta cómhaoinithe	Cuid AE
DE	EL-0703 - LEADER - DEA-EL-0703-00-0-01 - LEADER	2023	Caiteachas nach bhfuil aschur comhfhreagrach aige (cf. Airteagal 54 de Rialachán (AE) 2021/2116)	EUR	5 809,03	0,00	5 809,03	80,00%	4 647,22
			Iomlán DE:	**EUR**	**5 809,03**	**0,00**	**5 809,03**		**4 647,22**

Ballstát	Idirghabháil (Ainm an aonadmhéid atá beartaithe)	Bliain airgeadais	Cúis	Airgeadra	Ollmhéid (Sárú nó farasbarr)	Imréitithe / glactha go páirteach	An glansárú a cinneadh	Ráta cómhaoinithe	Cuid AE
DK	25 - LAG - 25.01 - LEADER/LAG	2023	Caiteachas nach bhfuil aschur comhfhreagrach aige (cf. Airteagal 54 de Rialachán (AE) 2021/2116)	EUR	9 915,55	9 711,79	203,76	80,00%	163,01
			Iomlán DK:	**EUR**	**9 915,55**	**9 711,79**	**203,76**		**163,01**

Airgeadra	Ollmhéid (Sárú nó farasbarr)	Imréitithe / glactha go páirteach	An glansárú a cinneadh	Cuid AE
EUR	**15 724,58**	**9 711,79**	**6 012,79**	**4 810,23**

Cinntí maidir le laghduithe airgeadais	An glansárú a cinneadh (cuid AE)
CERT	153 986,57
CETFT	4 810,23
IOMLÁN:	**158 796,80**